



CÓD SMACHTA SCOIL CHNOC NA NAOMH



Uimhir Gutháin(0749165133)
Ríomh Phost:cnocnanaomh@gmail.com
Uimhir Rolla:16671N

Príomhoide :Gráinne Ní Dhubhgáin
Leas P.O Louise Nic Giolla Chearra

Is scoil Ghaeltachta Chaitliceach í Scoil Chnoc na Naomh.

Is é croílár an chóid seo ná meas:

- Meas orm féin
- Meas ar chomhdhaltaí
- Meas ar dhaoine eile
- Meas ar an scoil
- Meas ar an Ghaeilge
- Meas ar an chreideamh

Is mian leis an scoil atmasféar a chothú ina dtugtar aitheantas do chearta achan pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht shábháilte. Le seo a chur i bhfeidhm tá comhoibriú idir achan pháirtí sa scoil riachtanach.

Cuirfear an bhéim ar iompar dearfach agus cuirfear an cód i bhfeidhm i slí chothrom agus réasúnta . Déanfar iarracht atmasféar cairdiúil a chur i bhfeidhm sa scoil .Beidh dearcadh dearfach ag na múinteoirí agus beidh an moladh le cloisteáil i bhfad níos minicí ná an cáineadh.

Is í/é an príomhoide atá freagrach go laethúil i leith cúrsaí iompair na scoile .Tá achan mhúinteoir freagrach as iompar na ndaltaí atá faoina c(h)úram agus freagracht orthu fosta cuidiú leis an phríomhoide smacht agus ord a chur i bhfeidhm sa scoil go hiomlán.

AIDHMEANNA AN PHOLASAÍ SEO

1. Treoracha a thabhairt do pháistí , do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí ar chód iompar na scoile.
2. Go mbeadh meas agus bród ag gach duine orthu féin , ar dhaoine eile, ar an scoil agus ar an oideachas ,ar a bpobal agus ar a gcultúr féin. Tré mheas a chothú sna páistí beimid ag súil go leanfaidh na páistí na rialacha.
3. Go ligfear don scoil feidhmiú ar bhealach ordúil , socair.
4. Timpeallacht foghlama a chothú sa scoil ina dtig le gach páiste dul chun cinn a dhéanamh.

RIALACHA

Déantar iarracht i gcónaí sa scoil go dtuigeann na páistí gur chun a leas féin atá rialacha ann agus cuirtear ós a gcomhair an chúis atá le achan riail.Cuirtear na rialacha seo i gcuimhne do na páistí sa seomra ranga go minic agus nuair is gá agus fosta ag an Tionól a bhíonn againn go rialta.

1. GAEILGE

Is í an Ghaeilge teanga na scoile . Is í an Ghaeilge an teanga chaidrimh idir na múinteoirí agus na daltaí agus idir na daltaí féin i gconaí.

Gaeilge amháin atá ceadaithe sa seomra ranga , sa chlós , ar thurasanna scoile agus le linn imeachtaí scoile.

2. ÉIDE SCOILE

Caithfidh éide scoile iomlán a bheidh ar na páistí achan lá.Ar lá an chorpoideachais caithfear bróga spóirt oiriúnach a chaitheamh ach beidh seo a phlé ag an mhúinteoir ranga nó ag an phríomhoide leis na páistí roimh ré. Ar chúiseanna sabháilteachta ní cheadaítear fainní cluasa crochta , slabhraí fada nó hataí le picí.Nil cead ag páistí smidiú a chaitheamh

3. LÁ SCOILE

Caithfidh na páistí a bheith ar scoil ar **9:15** . Osclaítear doirse na scoile ar **9:10** agus siúlfaidh na páistí go ciúin go dtí an seomra ranga. Tosnaíonn na ranganna ar **9:20** .

2:00 --am baile na Naíonáin

3:00 -- am baile achan rang eile

Nuair a thig am sosa buailtear an chlog agus siúlfaidh na páistí go ciúin agus go hordúil amach sa chlós. Nuair a buailtear an chlog dhéanann said line ordúil agus siúlfaidh siad go ciúin agus go hordúil isteach sa seomra ranga agus suífidh siad síos . Níl cead rith sa halla.

Sa chás go mbíonn dalta as láthair, caithfidh an tuismitheoir nó an caomhnóir miniú a thabhairt ar fhilleadh an dalta. Má bhíonn an páiste as láthair 20 lá nó níos mó bíonn dualgas ar an scoil é a chur in iúl don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais.

4. LÓN SLÁINTIÚIL

Tá polasaí lón sláintiúil ag an scoil agus moltar do na páistí lón folláin a bheith leo na scoile.

Ní cheadaítear críospaí, brioscaí milse, milseáin, deochanna milse, guma coganta a bheith leis na páistí.

Eisceachtaí : cóisir sa rang
turaí scoile

Beidh na heisceachtaí seo pléite leis an mhúinteoir/phríomhoide roimh ré.

Níl cead buidéal gloine nó rud ar bith contúirteach a thabhairt ar scoil. Tá cosc iomlán ar ghuma coganta.

5. OBAIR BAILE

Tá polasaí obair baile ag an scoil. Beidh obair baile ag achan pháiste sa scoil ón Luan go dtí an Déardaoin .Ní thugtar obair baile ar an Aoine. Thig le léitheoireacht , litriú , matamatic, tablaí , obair scríofa , filíocht , paidreacha , dathú nó eolas a fháil a bheith mar pháirt den obair bhaile. Ba chóir do thuismitheoirí an obair bhaile a scrúdú agus a chinntiú go bhfuil sé déanta sula gcuireann sé/sí siniú leis an dialann obair baile.

Muna bhfuil an obair baile déanta ba chóir nóta a chuir chuig an mhúinteoir ranga leis an chás a mhiniú . Corruair ní thabharfaidh an múinteoir nó an príomhoide obair bhaile má shíleann siad go bhfuil sé

tuillte ag an rang .Moltar do thuismitheoirí an obair bhaile a phlé leis an mhúinteoir ranga má tá sé ag déanamh imní mór don pháiste.

6. FÓN PÓCA

Níl cead fón póca a bheith na scoile leis na páistí. Má chaitheann an páiste fón póca a bheith leis / léi (cúis prainneach) caithfidh an thuismitheoir seo a chur in iúl don mhúinteoir agus glacann an múinteoir seilbh dó go dtí am baile. Má thig páiste isteach le fón póca gan cead baintear dó/di é agus cuireann an príomhoide scéala na bhaile láithreach.

7. DEA IOMPAR

Tá polasaí BÍ Cineálta ag an scoil agus tá sé tabhachtach go gclaoíonn achan duine leis an pholasaí seo.

MEAS AR AN SCOIL

7:1 Ní dhéanfaidh na daltaí / nó damáiste ar bith d'fhearas ,do throscán ná d'fhoirgneamh na scoile.

7:2 Caithfidh an seomra ranga , an scoil agus timpeallacht na scoile a bheith glan/néata agus saor ó bhruscar.

MEAS AR DHAOINE FÁSTA

7:3 Iarrtar ar dhaltaí ómós , urraim agus dea bhéasa a léiríu d'achan duine fásta idir fhoireann na scoile , do thuismitheoirí agus gach duine a thagann isteach sa scoil.

MEAS AR CHOMHDHALTAÍ

7:4 Ní cheadófar iompar ar bith a chuirfeadh an dalta féin nó comhdhaltaí i mbaol.

7:5 Iarrtar ar pháistí a bheith macánta lena chéile , meas a thaispeáint dá chéile agus ní dhéanfaidh dalta rud ar bith a chuirfeadh buairt ar , nó a chuirfeadh isteach ar dhalta nó ar dhaltaí eile.

7:6 Ní ghlactar le bulaíocht ar bith agus cloítear leis an méid atá leagtha amach i bpolasaí na scoile. Bulaíocht a thugtar ar achan ionsaí -----ó bhéal , siceolaíocht nó fisiciúil a dhéanann duine nó grúpa go leanúnacha i gcoinne pháiste nó páistí eile .

7:7 Iarrtar ar pháiste an fhírinne a inse i gconaí.

8. RIALACHA SA RANG

8:1 Caithfidh gach duine aird a thabhairt sa rang agus oibriú go dícheallach agus gan a bheith ag cur am an ranga amú. Ní bheidh dalta ar bith páirteach in iompar ar bith a chuirfeadh bac nó a chuirfeadh isteach ar mhúinteoirí na scoile agus iad i mbun a gcuid dualgaisí.

8:2 Caithfidh na páistí meas agus urraim a thaispeáint do gach duine atá i mbun ranga-----múinteoir, cuntóirí ranga, ionadaithe , micléinn ar chleachtadh múinteoireachta.

8:3 Níl cead aon rud a chaitheamh sa rang nó níl cead a bheith ag luascadh ar chathaoireacha , Níl cead rith sa rang . Níl cead nótaí a chur ó dhuine amháin go dtí duine eile sa rang.

8:4 Ó thaobh sábháilteachta ní cheadaítear Tippex a úsáid.

8:5 Ní cheadaítear drochfhocla a rá nó aisfhreagra a thabhairt.

8:6 Caithfidh na páistí fáilte a chur roimh chuairteoir agus múineadh maith a thaispeáint.

8:7 Déantar an obair scoile agus an obair baile uilig de réir threoracha an mhúinteora.

Déantar gach iarracht an cód iompar seo a chur i bhfeidhm i slí dhearfach agus cuirfear béim ar an dalta a mholadh i ngach rang:

- Moladh ó bhéal
- An páiste a chur chuig múinteoir eile nó chuig an príomhoide le moladh a fháil.
- Ard mholadh ag Tionól
- Córas réaltaí i ranganna áirithe
- Pribhléid speisialta a thabhairt

8:8 Má bhíonn ar an múinteoir an rang a fhágáil caithfidh na páistí fanacht ina suí agus a bheith ciúin.

9 RIALACHA SA CHLÓS AGUS SA HALLA

9:1 Ní ghlactar le bulaíocht ar bith sa chlós.

9:2 Gaeilge amháin a úsáidtear sa chlós.

9:3 Níl cead rith sa halla.

9:4 Níl cead cluichí contúirteacha a imirt sa chlós nó sa halla. Níl cead rith ró ghasta sa chlós.

9:5 Ní cheadaítear drochfhocla a rá

9:6 Níl cead ag Naíonáin-Rang 2 a dhul suas go dtí an carrchlós ag am sosa.

9:7 Má bhíonn páiste tinn cheadaítear dó /di fanacht ina suí sa halla má at nóta leo ó thuismitheoir. Má éiríonn páiste tinn ar scoil cuirtear glaoch ar an bhaile agus tá cead ag an páiste fanacht istigh go dtiocfaidh an tuismitheoir.

9:8 Má tá gá ag an pháiste dul go dtí an leithreas le linn am sosa , úsáidtear an leithreas sa halla.

9:9 Níl cead dul amach taobh amuigh don bhalla nó dul suas ar an bhalla nó an geafta mór a oscailt.

Bhéarfaidh na páistí sinsearacha sampla maith agus cuirfidh siad comhairle ar na páistí óga.

Má tá an lá fliuch fanann na páistí istigh sa halla nó sa seomra ranga agus caithfidh siad múineadh a bheith orthu.

Tá leabhar timpiste agus leabhar iompar san oifig agus líonann an múinteoir atá ar dualgas isteach iad seo.

SMACHTBHANNAÍ

Is féidir le múinteoir úsáid a bhaint as na rudaí seo a leanas nuair is gá :

- ◆ Labhairt leis an dalta, comhairle a chur ar an dalta agus miniú a thabhairt caidé a rinne sé/sí mícheart.
- ◆ An dalta a scaradh ó dhaltaí eile sa rang
- ◆ Pribhléidí a bhaint don pháiste.
- ◆ Dalta a chur go seomra ranga eile faoi chúram mhúinteora eile
- ◆ An dalta a chur chuig an príomhoide.
- ◆ Muna bhfuil biseach ar iompar an pháiste iarrtar ar thuismitheoirí theacht isteach.

I ndiaidh úsáid a bhaint as na rudaí thuas gan toradh sasúil , tá údarás ag an Bhord Bainistíochta dalta a chur ar fionraí de réir Rial 130(5) nó an páiste a dhibirt ón scoil de réir Rial 130 (6) {Rialacha na Scoile Naisiúnta}. Is féidir páiste a chur ar fionraí ar feadh thrí lá i dtosach . Caithfidh an Bord tréimhse breise fionraíochta a cheadú.

Déantar achan iarracht stráitéisí smachta dearfacha a chur i bhfeidhm i Scoil Chnoc na Naomh.

Is iad na múinteoirí agus an príomhoide a dhéanfaidh cinneadh ciallmhar faoi leibhéal an droch iompair atá i gceist , ag tógáil isteach san áireamh cé chonh dáiríre nó cé chomh minic is a tharlaíonn sé. Má tá bulaíocht , droch mhúineadh , ag úsáid droch theanga go rialta , ag inse bréige go rialta , ag cur sabháilteacht pháiste eile i mbaol cuirtear seo síos mar shamplaí mhí iompair thromchúiseacha.

_____ **Dáta**_____

Cathaoirleach an Bhoird

Príomhoide

